**A ógánaigh an chúil chraobhaigh**

A ógánaigh an chúil chraobhaigh, cad é an taobh ar a mbíonn tú?
Nó an bhfuileann tú gan chéile, nó an id' aonar a luíonn tú?
Ó, táimse gan chéile agus im' aonar sea luímse,
Cé hí sin dhá fhiafraí, nó an éinne beo 'n tír í?

An amhl' nán-aithníonn tú mé fhéinig a chéadsearc mo chroí-se,
'S gur mé cailín a' chúil craobhaigh a bhíodh taobh leat san oíche.
Ní aithnímse tú in aonchor, agus níl aon phioc ded' ghnaoi ann,
Mar sin do mhill cré mé, ga gréine 'gus gaoithe.

Nuair is dóigh le mo mhuintir go mbím ar mo leabaidh,
Ar do thuama sea bhímse ó oíche go maidean,
Ag cur mo chás síos leat agus ag síorghol, mo mhairg,
I ndiaidh mo chailín ciúin stuama a luadh liom 'na leanbh.

'S an cuimhin leatsa an oíche úd do bhíse ag an bhfuinneoig
'S gur shíneas mo lámh chughat is gur fháscais orm barróg?
Do shíneas-sa síos leat agus im' chroí ná raibh aon urchóid
Agus d'fhanamair i gcomhluadar gur chualamair an fhuiseog.

"Bíonn mo mhuintir a' plé liom bráthaire 'gus sagairt
I dtaobh 'bheith i ngrá leat a Mháire, is tú marbh
Ba scáth ar a' síon tú agus ba dhíon tú ar a bhfearthainn
Mo ghrianán lae geimhridh tú thíos ins an talamh"

Beir mo mhallacht chun mo mháthar, agus go brách brách chun m'athair
Nár leog dom tú a phósadh nuair a bhíos suas im'bheathaidh"
Nuair is dóigh le mo mhuintir go mbím ar mo leabaidh
Ar do thuama 'sea bhímse, ó oíche go maidin.

**Aoife Nic Dhiarmada SNCL2006**